C/2024/7505

17.12.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/3139 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3138 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití

(C/2024/7505)

Dírítear aird na ndaoine a luaitear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/3139 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3138 ón gComhairle ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Ceanglaítear le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2022/2309 nach mór do na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear tuairisc a thabhairt, laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn Ia, faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Bhallstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás náisiúnta inniúil maidir le haon fhíorú faisnéise den chineál sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gurb éard atá inti, teacht timpeall ar na bearta maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309.

([1]) IO L 307, 28.11.2022, lch. 135.
([2]) IO L, 2024/3139, 16.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3139/oj.
([3]) IO L 307, 28.11.2022, lch. 17.
([4]) IO L, 2024/3138, 16.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3138/oj.